Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10927 — ACTION LOGEMENT / AG2R LA MONDIALE / BNP PARIBAS / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 433/22)

1. An 7 Samhain 2022, fuair an Coimisiún fógra faoi chomhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— In'li (an Fhrainc), atá faoi rialú ghrúpa Action Logement (an Fhrainc),

— AGLM Immo (an Fhrainc), atá faoi rialú ghrúpa AG2R La Mondiale (an Fhrainc),

— Pierre Impact (an Fhrainc), atá faoi rialú BNP Paribas (an Fhrainc),

— JV ("an sprioc-ghnóthas", an Fhrainc).

Gheobhaidh In'li, AGLM Immo agus Pierre Impact comhrialú ar an sprioc-ghnóthas, atá ina chomhfhiontar lánfheidhme, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna i gcuideachta nuabhunaithe, cuideachta atá ina comhfhiontar, atá an comhchruinniú á dhéanamh.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— In'li: cuideachta réadmhaoine, ar fochuideachta de chuid ghrúpa Action Logement atá inti, agus atá gníomhach sa Fhrainc in earnáil na tithíochta sóisialta agus idirmheánaí,

— AGLM Immo: fochuideachta de chuid ghrúpa AG2R La Mondiale, a corpraíodh ar mhaithe le héascaíocht a dhéanamh d'úinéireacht sócmhainní réadmhaoine ar fad na gcuideachtaí go léir in AG2R La Mondiale, grúpa árachais atá gníomhach sa Fhrainc agus i Lucsamburg agus a dhéanann sainchúram den árachas pearsanta (árachas pinsean, sláinte, seanaoise agus coigilitis, agus coigiltis, agus leas sóisialta),

— Pierre Impact: cuideachta bainistíochta a chuireann seirbhísí réadmhaoine iltáirgeacha éagsúla ar fáil sa Fhrainc agus i roinnt tíortha de chuid LEE,

— An Sprioc-Ghnóthas: comhfhiontar lánfheidhme a thabharfaidh faoi ghníomhaíochtaí réadmhaoine sa Fhrainc san earnáil chónaithe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin, áfach.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10927 — ACTION LOGEMENT / AG2R LA MONDIALE / BNP PARIBAS / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË